



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.12.2025
COM(2025) 799 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

maidir le haistarraingt

**an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/522, Rialachán (AE) 2021/1057,
Rialachán (AE) 2021/1060, Rialachán (AE) 2021/1139, Rialachán (AE) 2021/1229, agus
Rialachán (AE) 2021/1755 a mhéid a bhaineann le hathruithe ar mhéideanna na gcistí le
haghaidh cláir agus cistí áirithe**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Leis seo, cuireann an Coimisiún in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún go bhfuil a thogra an 8 Márta 2024 á tharraingt siar aige, dar teideal:

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/522, Rialachán (AE) 2021/1057, Rialachán (AE) 2021/1060, Rialachán (AE) 2021/1139, Rialachán (AE) 2021/1229, agus Rialachán (AE) 2021/1755 a mhéid a bhaineann le hathruithe ar mhéideanna na gcistí le haghaidh cláir agus cistí áirithe.
COM(2024) 100 final, (2024/0060 COD)

Áiríodh an togra seo in Iarscríbhinn IV (Aistarraingtí) a ghabhann le Clár Oibre 2025 an Choimisiúin (COM(2025) 45 final), inar chuir an Coimisiún in iúl go raibh sé ar intinn aige an togra a tharraingt siar ar an bhforas nach bhféadfaí teacht ar aon chomhaontú intuartha idir na comhreachtóirí.

Níor tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an bpacáiste Omnibus mar gheall ar an léirmhíniú éagsúil ar Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28). Mar thoradh air sin, tá an togra fós ar feitheamh go foirmiúil, cé nach bhfuil sé inmharthana ó thaobh na polaitíochta de a thuilleadh.

Áiríodh sa togra Omnibus bunaidh freisin leasú a bhaineann le Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, lena mbeartaítear an bunús dlí a thabhairt isteach chun méideanna gan íoc Chúlchiste Coigeartaithe Brexit a athdháileadh i measc na mBallstát. Níor measadh go raibh fadhb ag baint leis an leasú a bhaineann le Cúlchiste Coigeartaithe Brexit ó thaobh an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh de. Ós rud é nach bhfuil dul chun cinn déanta maidir leis an Omnibus agus go bhfuil sé á tharraingt siar anois, ní féidir an leasú ar Chúlchiste Coigeartaithe Brexit atá ann a ghlacadh a thuilleadh tríd an bpacáiste sin.

An tráth céanna, dá bhrí sin, thíolaic an Coimisiún leasú spriocdhírthe nua ar Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, lena soláthraítear an bunús dlí don athdháileadh². Tá ábhar an leasaithe comhionann go substaintiúil leis na forálacha a bhaineann le Cúlchiste Coigeartaithe Brexit a áirítear sa togra Omnibus. Tá difríochtaí teoranta do struchtúr, lipéadú agus uimhriú, aithrisí, agus meabhrán míniúcháin athbhreithnithe. Dá bhrí sin, tagann an togra leasaithe nua in ionad an togra a bhí ann roimhe sin agus gabhann sé a ionad.

Chun soiléireacht dhlíthiúil agus comhleanúnachas an chreata reachtaigh a áirithiú, téann an Coimisiún ar aghaidh, dá bhrí sin, leis an togra a tharraingt siar go foirmiúil.

¹ Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

² COM(2025) 513 final